

Eleathanach276

Dé Luain 13 Samhain 2017

Seachtain na hEolaíochta 2017: 12-19 Samhain

Tá Seachtain na hEolaíochta 2017 ar siúl an tseachtain seo. Ar fud na tíre beidh imeachtaí ar siúl ag díriú ar pháistí agus ar dhaoine fásta.

Is féidir eolas faoi na himeachtaí a fháil ar an suíomh www.sfi.ie agus ar *Twitter* leis an haischlib #scienceweek

Ar fud na tíre beidh páistí ag déanamh turgnamh ar scoil mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta. Tá an iris eolaíochta *Eureka* ar fáil i nGaeilge ag: <http://www.cogg.ie/eureka/>



ag déanamh turgnaimh

Cúrsaí Spóirt: Bua. Comhscór. Cailliúint.

Bhí a lán spóirt againn ag an deireadh seachtaine. Ar dtús i mBaile Átha Cliath bhí cluiche rugbaí ann idir foireann na hÉireann agus foireann na hAfraice Theas. Bhí bua an-mhór ag na hÉireannaigh, an bua is mó riamh (38 - 3).

Díreach ina dhiaidh sin bhí cluiche tábhachtach sacair idir an Danmhairg agus Poblacht na hÉireann. Beidh foireann amháin díobh seo ag dul go Corn an Domhain sa Rúis an samhradh seo chugainn. Comhscór gan chúl a bhí sa chluiche. Beidh na foirne seo ag imirt arís i mBaile Átha Cliath Dé Máirt. Caithfidh Poblacht na hÉireann scórail agus caithfidimid an bua a fháil nó ní bheimid ag imirt i gCorn an Domhain.

Bhí foireann Thuaisceart Éireann ag imirt san Eilvéis Dé Domhnaigh. Chaill siad an chéad bhabhta agus chríochnaigh an cluiche Dé Domhnaigh ar comhscór. Mar sin beidh an Eilvéis ag dul chun na Rúise.

"Anseo!" ("Gach lá, a mhúinteoir!"): daoine nach raibh as láthair ón scoil riamh!

I rith na seachtaine bhronn Ard-Mhéara Chorcaí teastais agus coirn ar 81 dalta ó 28 scoil i gCorcaigh. Ní raibh na daltaí sin as láthair ón scoil ar chor ar bith le hocht mbliana anuas.

Bhí cúigear acu nár chaill lá scoile le trí bliana déag. Agus Ciarán McCarthy (15), atá san Idirbhliain anois, níor chaill sé aon lá scoile riamh ó thosaigh sé sna naíonáin bheaga. Rinne a uncail an éacht chéanna sin freisin nuair a bhí seisean óg. Nach maith iad!

Ealaí marbh i nDún na nGall.

Bhí scéal brónach ó Dhún na nGall ar an nuacht Dé Sathairn. Bhí duine amuigh ag siúl agus chonaic sé 15 eala a bhí marbh. Bhí na healaí tar éis eitilt isteach i sreangacha leictreachais agus mharaigh an leictreachas iad.

Anois tá Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) chun féachaint an féidir leo na sreangacha a dhéanamh níos sábháilte do na héin.

Gach bliain tagann ealaí go hÉirinn ón Íoslainn chun an fómhar agus an geimhreadh a chaitheamh anseo. Tá an geimhreadh san Íoslainn i bhfad níos fuaire ná mar a bhíonn sé anseo.

